| An tSraith Shinsearach Grafaic Dheartha agus Chumarsáide | Meitheal Forbartha Cruinniú 6<br>24 Márta 2025<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte ón gCathaoirleach, miontuairiscí na gcruinnithe deiridh** | Rinneadh plé ar mhiontuairiscí an chruinnithe deiridh agus glacadh leo. |
| **An Nuacht is Déanaí** | Tá an comhairliúchán ar líne ar an gCáipéis Eolais do Ghrafaic Dheartha agus Chumarsáide dúnta anois. Tugadh nuashonruithe maidir leis an gcomhairliúchán poiblí ar na dréachtsonraíochtaí do Theicneolaíocht Foirgníochta agus Innealtóireacht na hArdteistiméireachta. |
| **Aiseolas ó na dréacht-torthaí foghlama** | Rinne baill athbhreithniú ar na dréacht-torthaí foghlama a forbraíodh go dtí seo agus rinne siad breithniú ar thuilleadh deiseanna leis an teanga a bheachtú. |
| **Iniúchadh a dhéanamh ar an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis sa Ghrafaic Dheartha agus Chumarsáide** | Rinne baill breithniú ar roinnt gnéithe den Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis, lena n-áirítear na rudaí ar cheart luach a bheith ag baint leo maidir le foghlaim an scoláire, cuir chuige oideolaíochta, agus inbhainistitheacht ar an iomlán.<br><br>Dhírigh siad ar an ábhar gur cheart don Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis tacú leis an scoláire tuiscint a fháil ar an gcéimseata agus í a chur i bhfeidhm mar bhunchloch le hiniúchadh a dhéanamh ar fhadhbanna fíorshaoil. I measc na bpríomhscileanna a sainaithníodh bhí taighde, dearadh, sceitseáil, dearadh ríomhchuidithe, anailís chriticiúil, féinmheastóireacht, bainistíocht ama agus féinbhainistíocht.<br><br>I measc na réimsí eile den phlé bhí comhleanúnachas teagaisc, foghlama, agus measúnaithe san ábhar, formáid na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis, cur ar fáil acmhainní, agus tacaíochtaí FGL. |
| **Na chéad chéimeanna eile agus an chéad chruinniú eile** | Rinne an cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh agus ghabh buíochas leis na baill as bheith i láthair agus as an méid a rinne siad.<br><br>**An Chéad Chruinniú Eile:** 30 Aibreán 2025 |